Aighneacht Fhoras na Gaeilge

Maidir leis an

Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Foras na Gaeilge

Eanáir 2012

Réamhrá

Fáiltíonn Foras na Gaeilge roimh an Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar an mbonn gur chóir gach deis a thapú feabhas a chur ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí Gaeilge a chuireann an earnáil phoiblí ar fáil do phobal na Gaeilge.

Príomhaíocht na gCearta Teanga Bunreachtúla

Tá na cearta teanga seo leagtha amach in Airteagal 8 go príomha de Bhunreacht na hÉireann agus tá fasaigh ann de bhreitheanna ó na Cúirteanna, go háirithe breith cháiliúil an ghiúistis Hardiman sa Chúirt Uachtarach 2001 ina ndúirt sé (inter alia):

> ... nach féidir an Ghaeilge arb í an teanga náisiúnta í agus, san am céanna arb í príomhtheanga oifigiúil an Stáit í, a eisiamh (ar a laghad in éagmuis dlí den chineál a shamhlaítear le hAirteagal 8.3) ó aon chuid de dhioscúrsa poiblí an náisiúin nó ó aon ghnó oifigiúil de chuid an Stáit ná de chuid aon cheann dá bhaill. Ná ní féidir caitheamh léi sna comhthéacsanna seo ar shlí ar bith nach bhfuil chomh fabhrach leis an tslí a gcaitear leis an dara teanga oifigiúil. Ná ní féidir iad siúd atá inniúil agus ar mian leo í a úsáid chun iad féin a chur in iúl nó chun cumarsáide, a chosc nó a fhágáil faoi mhíbhuntáiste agus iad á dhéanamh sin in aon chomhthéacs náisiúnta nó oifigiúil.[1]

Thairis sin, sa bhreith chéanna, dearbhaíodh nárbh aon leithscéal í faillí an Stáit san am atá thart leibhéal tacaíochta cuí a bheith ann d'úsáid na Gaeilge sa státchóras; tá an saoránach i dteideal a c(h)earta teanga nuair a iarrtar iad.

> ... caithfidh an Stát féin a dhualgais a chomhlíonadh, go háirithe iad siúd atá cumhdaithe sa Bhunreacht agus ní féidir é a chloisteáil ag gearán ach chomh beag leis an saoránach aonair gur dualgais thuirsiúla, throma iad sin. Go háirithe, ní féidir an Stát a chloisteáil ag gearán gur de bharr nár chomhlíon sé a dhualgais le scór bliain anuas is breis atá deacracht níos mó aige na dualgais sin a chomhlíonadh anois.

Dá réir sin, cé gur údar spéise é an t-athbhreithniú seo le moltaí a fháil faoi fheidhmiú reatha an Achta agus gnéithe eile de, ina measc 'an bhfuil na cearta teanga atá dearbhaithe san Acht cuí i gcónaí'[2] tá sé tábhachtach a aithint nach féidir leis an Acht – anois nó sa todhchaí – cur le nó baint de chearta teanga bunreachtúla an tsaoránaigh – laistigh den Ghaeltacht nó lasmuigh di – ar mian leis/léi a g(h)nó a dhéanamh leis an Stát trí mheán na Gaeilge.

Moladh 1: Moltar Airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann a lua ina iomláine san Acht athbhreithnithe.

Comhthéacs Idirnáisiúnta

Cé gurbh inmholta an rud é aird a thabhairt 'ar dhea-chleachtas i dtaca le soláthar seirbhísí teanga ag comhlachtaí poiblí i ndlínsí eile' mar a deirtear sa cháipéis réamhluaite faoi théarmaí tagartha an athbhreithnithe seo, ní mór a chur san áireamh go bhfuil an comhéadan den seasamh bunreachtúil agus de na cúinsí sochtheangeolaíochta i gcás na Gaeilge iomlán eisceachtúil.

Gné shuntasach eile de sheasamh na Gaeilge atá tagtha chun cinn ó ritheadh Acht na dTeangacha in 2003 ná an stádas Eorpach a baineadh amach don teanga i 2007 agus na himpleachtaí atá leis na cearta breise teanga a eascraíonn as an stádas sin.

---

[1] *Hardiman, Brmh. – Athbhreithniú Breithiúna – An Chúirt Uachtarach. Tag: Ó Beoláin v. Fahy [2001] 2 I.R. 279*

[2] http://www.ahg.gov.ie/ie/DeisComhairliuchain/AthbhreithniuarAchtnadTeangachaOifigiula2003/Tearmaitagartha/T%C3%A9arma%C3%AD%20tagartha.pdf Rochtain 16 Eanáir 2012

Scóp an Achta

I bhfianaise a bhfuil ráite thuas, is léir gur ról cumasaithe amháin atá leis an Acht, le 'líon agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil don phobal a mhéadú agus a fheabhsú, ar bhealach eagraithe, thar thréimhse ama'.[3] Ar ndóigh, úsáidtear 'comhlachtaí poiblí sa chiall is leithne mar a mhínítear san Acht féin.

Pléitear roinnt gnéithe d'fheidhmiú an Achta thíos, gnéithe a bhaineann leis na Scéimeanna go háirithe, agus déantar moltaí ina leith.

Nóta ar 'Éileamh'

Luaitear sa cháipéis faoi théarmaí tagartha an Athbhreithnithe seo[4] go ndéanfar cinntí faoi sheirbhísí a chur ar fáil nó tosaíochtaí a cheapadh bunaithe ar 'éileamh' an phobail agus luadh a leithéid i gClár an Rialtais chomh maith. Luaitear an focal 'cuí' cúpla áit sna téarmaí tagartha chomh maith agus is dócha gur tagairt í seo don éileamh chomh maith. Níl aon chóras cuimsitheach in áit faoi láthair faoin Scéim a dhéanfadh tomhas ar an athróg seo agus dá réir sin déantar na moltaí thíos.

Moladh 2: Moltar tomhas cuimsitheach a fhorbairt a dhéanfaidh taifeadadh ar éileamh an phobail ar sheirbhísí agus moltar dualgas a chur ar gach comhlacht stáit faisnéis a chur ar fáil dó i bhfíor-am cothrom leis an nóiméad agus teacht a bheith ag an bpobal ar an áis seo gan dua. Is féidir an t-eolas seo a úsáid ansin le tosaíochtaí a leagan sios ach níor chóir á úsáid le cás a dhéanamh gan seirbhís a sholáthar.

Moladh 3: Moltar nár chóir cinntí a ghlacadh 'ar bhonn éilimh' go dtí go mbeadh a leithéid de chóras in áit, poiblithe go forleathan agus ag feidhmiú ar feadh tréimhse bliana.

Simplíocht & Trédhearcacht Eolais Maidir leis na Scéimeanna

Sa Tuairisc a d'fhoilsigh an Coimisinéir Teanga i mí Iúil 2011 ar Athbhreithniú ar an Acht, dúirt sé an méid seo:

> Reachtaíocht chasta atá in Acht na dTeangacha Oifigiúla ina bhfuil forálacha díreacha, rialacháin agus córas 'céimeanna teanga'. Fágann an chastacht sin gur deacair na cearta agus na dualgais teanga atá daingnithe sa reachtaíocht seo a thuiscint'[5]

Cé go bhfuil an reachtaíocht féin casta, an bac is mó atá ar an té ar mian leis teacht ar na seirbhísí atá á dtairiscint i nGaeilge faoi láthair agus gealltanais tugtha ina dtaobh i Scéim teanga ná gan teacht a bheith aige/aici go héasca ar eolas fúthu.

Moladh 4: Moltar go háirithe go léireodh suíomh gréasáin gach Roinne / comhlachta go soiléir agus i bhfíor-am cad iad na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge agus go gcuirfí an t-eolas sin chuig suíomh an Choimisinéara Teanga.

---

[3] *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003: Teoirleabhar* (An Coimisinéir Teanga, 2003) 6.

[4] http://www.ahg.gov.ie/ie/DeisComhairliuchain/AthbhreithniuarAchtnadTeangachaOifigiula2003/Tearmaitagartha/T%C3%A9arma%C3%AD%20tagartha.pdf

[5] *Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003: tuairisc ag an gCoimisinéir Teanga faoi alt 29 den Acht sin* (An Coimisinéir Teanga 2011) 6.

Moladh 5: Moltar go leireodh suíomh gréasáin na Roinne Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta ('An Roinn') i bhfíor-am cad iad na comhlachtaí poiblí ar iarr an Roinn orthu Dréacht-Scéim a ullmhú an agus go gcuirfí an t-eolas sin chuig Choimisinéara Teanga.

Moladh 6: Moltar go léireodh suíomh gréasáin na Roinne agus an Choimisinéara Teanga i bhfíor-am cad iad na comhlachtaí poiblí a sholáthair Dréacht-Scéim don Roinn.

Moladh 7: Moltar go léireodh suíomh gréasáin na Roinne agus an Choimisinéara Teanga i bhfíor-am cad iad na comhlachtaí poiblí ar dhaingnigh an Roinn Scéim uathu.

Ceann de na láigí is mó ar an Acht ó thaobh soiléirithe de is ea gan aon bhunlíne de sheirbhís a bheith leagtha síos do na comhlachtaí poiblí ar fad. Bheadh sé de thoradh tánaisteach ar a leithéid go meabhródh sé do gach uile chomhlacht poiblí go bhfuil dualgais orthu i leith na Gaeilge.

Moladh 8: Moltar bunlíne uilíoch – dá ísle í – a leagan síos, beag beann ar na Scéimeanna, do na 'comhlachtaí poiblí' ar fad maidir le seirbhísí Gaeilge ar féidir a éileamh gan cheist.

Feidhmiú na Scéimeanna: Acmhainní

Dá nglacfaí leis na moltaí thuas, bheadh sé níos fusa féachaint cá bhfuil an fhreagracht maidir le feidhmiú Scéime ar leith. Tharraing an Coimisinéir Teanga aird ar ghné na n-acmhainní daonna mar chuid de phlean forfheidhmithe sa Roinn féin:

> Theastódh, le fírinne, aonad foirne sa Roinn le comhordú a dhéanamh ar riaradh chóras na scéimeanna teanga. Bhíodh foireann de 18 gafa leis an obair sin sa Bhreatain Bheag san aonad de chuid Bhord na Breatnaise a bhí ag plé le scéimeanna ...[6]

Tharla go raibh feidhmiú na Scéimeanna ag brath sa chéad áit ar ról réamhghníomhach a bheith á ghlacadh an an Roinn, b'fhéidir nár chóir dul i mbun athbhreithnithe ar fheidhmiú na Scéimeanna gan plean forfheidhmithe níos cuimsithí a dhréachtadh

Moladh 9: Moltar i gcás pé leasú nó leasuithe ar Scéimeanna nó pé malairt ar Scéimeanna a bheidh ann go n-ullmhófaí plean forfheidhmithe a chuimseoidh acmhainní airgeadais agus daonna i gcás na bpáirtithe ar fad a bheidh páirteach ann.

Seo ceist an-ábhartha má táthar leis an státchóras a chumasú. Mar fhocal scoir, tá go leor dua agus acmhainní caite ag Foras na Gaeilge féin ag tacú le feidhmiú an Achta ar bhonn praiticiúil ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costas agus caighdeán de. Mar shampla, tá go leor oibre déanta ag Foras na Gaeilge i bpáirt leis an Roinn Ealaíon Oidhreacht agus Gaeltachta ina measc:

- Forbraíodh córas creidiúnaithe d'aistritheoirí le hardchaighdeáin a dheimhniú in earnáil an aistiriúcháin;

---

[6] *Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003: tuairisc ag an gCoimisinéir Teanga faoi alt 29 den Acht sin* (An Coimisinéir Teanga 2011) 14.

- Forbraíodh sainoiliúint agus sainháiseanna i páirt le páirtithe eile le tacú le hearnáil an aistriúcháin;
- Forbraíodh cuimhní aistriúcháin le costais an aistriúcháin a laghdú;
- Forbraíodh córas creidiúnaithe d'eagarthóirí le hardchaighdeáin i gcáipéisíocht sa Ghaeilge a dheimhniú;
- Forbraíodh líne chabrach don earnáil phoiblí – Freagra.ie;
- Forbraíodh Taisce Téacsanna – láithreán gréasáin dírithe ar cháipéisí/foirmeacha/foilseacháin de chuid an stáit a sholáthar agus a fhorbairt.

Chabhraigh na tionscadail seo leis na comhlachtaí poiblí an tAcht a fheidhmiú agus tá Foras na Gaeilge ag súil le leanúint ar aghaidh ag tacú le feidhmiú an Achta athbhreithnithe.

Críoch

Aguisín A: Téarmaí tagartha an Athbhreithnithe

Téarmaí Tagartha

Ag féachaint do sheasamh bunreachtúil na Gaeilge, don reachtaíocht atá ann cheana féin, d'aidhmeanna polasaí na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*, agus don ghealltanas ábhartha i gClár an Rialtais, déanfar an méid seo a leanas san athbhreithniú:

- scrúdófar forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí is atá an reachtaíocht ó thaobh soláthar seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a chinntiú, de réir éilimh na saoránach sin ar mian leo a ngnó oifigiúil a dhéanamh sa teanga sin;
- breithneofar ar cheart forálacha an Achta a leasú chun a chinntiú gurb iad na seirbhísí poiblí atá le soláthar trí Ghaeilge na seirbhísí is mó a bhfuil éileamh orthu;
- breithneofar an bhféadfaí aidhmeanna an Achta a chomhlíonadh le forálacha eile nó le forálacha leasaithe a chinnteodh go mbeadh an caiteachas a bhainfeadh leis an reachtaíocht éifeachtúil ó thaobh costais de, go háirithe i gcomhthéacs na gconstaicí geilleagracha atá ann faoi láthair;
- breithneofar an bhfuil na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí, ag féachaint don mhéid atá ráite roimhe seo agus do stádas bunreachtúil na Gaeilge;
- breithneofar ar cheart forálacha an Achta a leasú chun a chinntiú go dtacóidh sé níos fearr le caomhnú agus le cur chun cinn na Gaeilge:
    - mar an teanga pobail i gceantair Ghaeltachta; agus
    - mar an teanga is rogha le daoine eile ar fud an Stáit;
- breithneofar an bhfuil na cearta teanga atá dearbhaithe san Acht cuí i gcónaí; agus
- breithneofar na forálacha a leagann amach ról Oifig an Choimisinéara Teanga.

Agus an t-athbhreithniú á dhéanamh, tabharfar aird ar dhea-chleachtas i dtaca le soláthar seirbhísí teanga ag comhlachtaí poiblí i ndlínsí eile. Tar éis don athbhreithniú a bheith curtha i gcrích, déanfaidh an tAire breithniú ar an gcás do leasú na reachtaíochta agus cuirfidh sé a chuid tuairimí i dtaca leis sin faoi bhráid an Rialtais.